Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13674/22**

**AVIATION 252**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 529 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE An Clár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 529 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 529 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.10.2022
COM(2022) 529 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**An Clár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta**

GA GA

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE — THE EUROPEAN AVIATION SAFETY PROGRAMME [AN CLÁR EORPACH UM SHÁBHÁILTEACHT EITLÍOCHTA]**

## 1. TEACHTAIREACHT 2011 ÓN gCOIMISIÚN AGUS AN DARA hEAGRÁN DEN DOICIMÉAD 'AN CLÁR EORPACH UM SHÁBHÁILTEACHT EITLÍOCHTA'

Sa Teachtaireacht ón gCoimisiúin maidir le *Setting up a Safety Management System for Europe* [Córas Bainistíochta Sábháilteachta don Eoraip a bhunú][1] a foilsíodh in 2011, tugadh tuairisc ar na dúshláin sábháilteachta atá roimh an Aontas agus a Bhallstáit agus thángthas ar an gconclúid inti gur gá cur chuige níos réamhghníomhaí agus atá bunaithe níos mó ar fhianaise a fhorbairt. Tugadh mionsonraí inti ar roinnt gníomhaíochtaí praiticiúla chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin. Bhí doiciméad inar tugadh tuairisc ar an gClár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta (EASP)[2] ag gabháil leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún.

Cuireadh chun feidhme roinnt de na gníomhaíochtaí sin an tráth sin, go háirithe le glacadh Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 maidir le tarluithe san eitlíocht shibhialta a thuairisciú, leis an anailís a dhéantar orthu agus leis na bearta leantacha a dhéantar ina leith[3], forbairt anailíse sábháilteachta ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, bunú aicme measúnaithe riosca, úsáid fhairsing Choiste rialála Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA) agus chomhlachtaí comhairleacha EASA mar na príomhfhóraim chun plé a chumasú leis na Ballstáit maidir le gníomhaíochtaí le glacadh, foilsiú bliantúil nuashonruithe ar an bPlean Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta, forbairt táscairí feidhmíochta sábháilteachta, agus an comhar níos mó le comharsana an Aontais maidir le sainaithint saincheisteanna sábháilteachta. Moladh freisin go ndéanfadh an Coimisiún an Clár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta de réir mar a thagann athrú ar bhainistíocht na sábháilteachta eitlíochta san Aontas.

In 2015 a rinneadh an chéad athbhreithniú ar an gClár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta, i.e. an dara heagrán[4]. Cuimsíodh ann sraith chomhtháite rialachán ar leibhéal an Aontais, in éineacht leis na gníomhaíochtaí agus na próisis a úsáidtear chun sábháilteacht na heitlíochta sibhialta a bhainistiú i gcomhpháirt ar an leibhéal Eorpach. Ní plean gníomhaíochtaí a bhí ann, ach ba é ab aidhm leis clár a chruthú ar leibhéal an Aontais a bheadh coibhéiseach leis an

---

1 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa *Setting up a Safety Management System for Europe* [Córas Bainistíochta Sábháilteachta don Eoraip a bhunú], COM/2011/0670 final.

2 *The European Aviation Safety Programme* [An Clár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta], SEC/2011/1261 final.

3 Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tarluithe san eitlíocht shibhialta a thuairisciú, leis an anailís a dhéantar orthu agus leis na bearta leantacha a dhéantar ina leith, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Treoir 2003/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1321/2007 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 1330/2007 ón gCoimisiún (Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE); IO L 122, 24.4.2014, lch. 18.

4 Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, *The European Aviation Safety Programme* [An Clár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta], COM(2015) 599 final.

gClár Sábháilteachta Stáit mar a cheanglaítear le hIarscríbhinn 19 ICAO a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago. Bhí sé de bhua aige gur soláthraíodh leis struchtúr soiléir chun míniú a thabhairt ar bheartais sábháilteachta Eorpacha agus a chuspóirí, coincheapa na bainistíochta riosca sábháilteachta, áirithiú na sábháilteachta, agus cur chun cinn na sábháilteachta.

Le Rialachán (AE) 2018/1139[5] Caibidil II, agus go háirithe Airteagal 5, bhain EASP stádas dlíthiúil amach mar an doiciméad ina dtugtar tuairisc ar fheidhmiú an chórais Eorpaigh sábháilteachta eitlíochta, ina bhfuil na rialacha, na gníomhaíochtaí agus na próisis a úsáidtear chun sábháilteacht na heitlíochta sibhialta a bhainistiú san Aontas.

Dá réir sin, cloífidh an dara hathbhreithniú seo ar an gClár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta, i.e. an tríú heagrán, leis an struchtúr céanna a úsáideadh le haghaidh an dara heagrán, ailínithe le formáid agus le struchtúr chreat an Chláir Sábháilteachta Stáit mar a shonraítear in Iarscríbhinn 19 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago.

## 2. An 3ú heagrán den doiciméad 'An Clár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta'

Mínítear sa doiciméad 'An Clár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta' conas a bhainistítear an tsábháilteacht san Aontas agus ina Bhallstáit, lena n- áirítear trí reachtaíocht an Aontais chomh maith le beartais, cleachtais agus gníomhaíochtaí eile.

Cuirtear i láthair sa doiciméad léargas ar na rialacha agus na próisis go léir a rannchuidíonn, ar bhealach comhtháite, le cosc a chur ar thimpistí agus le sábháilteacht gníomhaíochtaí eitlíochta san Aontas.

Níl sé i gceist go gcuirfí an doiciméad 'An Clár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta' in ionad dhoiciméid Chlár Sábháilteachta Stáit na mBallstát ach go ndéanfadh sé iad a chomhlánú. Ó tharla gur ar leibhéal an Aontais Eorpaigh a dhéantar cuid mhór rialacha agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an tsábháilteacht eitlíochta a ghlacadh agus a chomhordú, ba cheart do na Ballstáit tagairt a dhéanamh don doiciméad 'An Clár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta' i ndoiciméid a gCláir Sábháilteachta Stáit féin chun míniú cuimsitheach a thabhairt ar an gcaoi a mbainistítear an tsábháilteacht eitlíochta laistigh dá gcríocha náisiúnta mar a cheanglaítear orthu faoi Choinbhinsiún Chicago. Go deimhin, ó tharla gur rith an tAontas reachtaíocht in go leor réimsí den tsábháilteacht eitlíochta agus gur chuir sé chun feidhme próiseas Eorpach um bainistiú riosca sábháilteachta, ní féidir leis na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar an gcaoi a mbíonn an tsábháilteacht á bainistiú acu gan tagairt do ghné an Aontais.

---

5 Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (Téacs atá ábhartha maidir le LEE); IO L 212, 22.08.2018, lch. 1.

Thairis sin, i réimsí áirithe a chumhdaítear le Coinbhinsiún Chicago, d'aistrigh Stáit a n- inniúlacht chuig an Aontas. Mínítear sa doiciméad 'An Clár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta' conas a thugann an tAontas aghaidh ar na hoibleagáidí idirnáisiúnta a eascraíonn as an aistriú freagrachtaí sin.

Ach tuairisc a thabhairt ar na próisis a úsáidtear chun an tsábháilteacht a bhainistiú i gcomhpháirt ar an leibhéal Eorpach agus, go háirithe, ar an gcomhar idir an Coimisiún Eorpach, na Ballstáit agus EASA chun guaiseacha agus easnaimh shábháilteachta a shainaithint agus bearta a dhéanamh chun na rioscaí sábháilteachta a bhaineann leo a mhaolú, tugtar tuairisc sa doiciméad 'An Clár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta' ar dháileadh na bhfreagrachtaí éagsúla as an tsábháilteacht laistigh den Aontas Eorpach agus soiléirítear ann conas is féidir leis an Aontas trí chéile feidhmíocht shásúil sábháilteachta a choinneáil ar bun. Soláthraítear trédhearcacht ann freisin le haghaidh gach páirtí leasmhair a bhfuil leas aige sa tsábháilteacht maidir le róil agus freagrachtaí, dáileadh inniúlachtaí, beartais agus próisis atá i bhfeidhm faoi láthair i gcóras an Aontais Eorpaigh.

Áirítear na nithe seo a leanas sa doiciméad 'An Clár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta':

- Baineann an chéad chuid den doiciméad le beartais sábháilteachta, cuspóirí agus acmhainní Eorpacha. Go háirithe, cuimsítear leis an tuairisc ar chreat reachtach na heitlíochta Eorpaí agus mínítear ann an dáileadh inniúlachtaí idir na Ballstáit agus na gníomhaithe éagsúla ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Ar deireadh, sonraítear ann na sásraí atá i bhfeidhm chun reachtaíocht an Aontais a fhorfheidhmiú.
- Baineann an dara cuid leis an mbainistíocht riosca sábháilteachta Eorpach. Tugtar tuairisc ann ar na ceanglais bainistíochta sábháilteachta atá i bhfeidhm faoi láthair is infheidhme maidir leis an tionscal agus na Ballstáit, agus mínítear ann conas a dhéantar measúnú i gcomhpháirt ar rioscaí sábháilteachta agus conas a mhaolaítear iad laistigh den Aontas Eorpach.
- Féachtar sa tríú cuid ar an ngné Eorpach den áirithiú sábháilteachta agus sonraítear ann go príomha conas a dhéantar maoirseacht aershábháilteachta laistigh den Aontas Eorpach agus dá Bhallstáit.
- Ar deireadh, baineann an ceathrú cuid leis na gníomhaíochtaí Eorpacha i réimse chur chun cinn na sábháilteachta lena n- áirítear oiliúint agus comhar idirnáisiúnta.

## 3. TIONCHAR RIALACHÁN (AE) 2018/1139 AR AN gCLÁR EORPACH UM SHÁBHÁILTEACHT EITLÍOCHTA

Tharla roinnt athruithe reachtacha san Aontas ó foilsíodh an chéad dá eagrán den doiciméad 'An Clár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta' in 2011 agus in 2015 agus go háirithe tháinig creat- Rialachán nua (AE) 2018/1139 i bhfeidhm. Tá tionchar bunriachtanach ag an rialachán mar foráiltear ann go bhfuil cur i bhfeidhm prionsabal fónta bainistíochta sábháilteachta fíor- riachtanach má táthar chun leanúint d'fheabhas a chur ar shábháilteacht na heitlíochta sibhialta san Aontas, de rioscaí sábháilteachta atá ag teacht chun cinn a thuar, agus den úsáid is fearr a bhaint as acmhainní teicniúla teoranta. Is é conclúid an Rialacháin gur gá creat coiteann a bhunú chun gníomhaíochtaí feabhsaithe sábháilteachta a phleanáil agus a chur chun feidhme. Foráiltear ann, chuige sin, gur cheart Plean Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta agus Clár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta a tharraingt suas ar leibhéal an Aontais. Bunaithe air sin, ba cheart do gach Ballstát Clár Sábháilteachta Stáit a tharraingt suas

freisin i gcomhréir leis na ceanglais atá in Iarscríbhinn 19 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago. Ba cheart plean ina bhfuil tuairisc ar na bearta atá le déanamh ag an mBallstát leis na rioscaí sábháilteachta sainaitheanta a mhaolú a bheith ag gabháil leis an gClár sin.

Le Caibidil II de Rialachán (AE) 2018/1139, bunaíodh creat dlíthiúil an Aontais le haghaidh Bhainistíocht na Sábháilteachta Eitlíochta, agus tiomnaítear ceithre airteagal ann don Chlár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta, don Phlean Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta, don Chlár Sábháilteachta Stáit, agus don Phlean Stáit um Shábháilteacht Eitlíochta. Aithnítear na ceithre choincheap sin faoi dhlí an Aontais anois.

Suitear le hAirteagal 5 maidir leis an gClár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta go ndéanfaidh an Coimisiún, tar éis dul i gcomhairle le Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh agus leis na Ballstáit, doiciméad a ghlacadh, a fhoilsiú, agus a thabhairt cothrom le dáta mar is gá, doiciméad ina ndéanfar cur síos ar fheidhmiú chóras sábháilteachta eitlíochta na hEorpa, ina mbeidh na rialacha, na gníomhaíochtaí agus na próisis a úsáidtear chun sábháilteacht na heitlíochta sibhialta a bhainistiú san Aontas i gcomhréir leis an Rialachán seo (an 'Clár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta'). Beidh sa Chlár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta ar a laghad na gnéithe a bhaineann le freagrachtaí an Stáit i dtaca le bainistíocht sábháilteachta a dtugtar tuairisc orthu sna caighdeáin idirnáisiúnta agus na cleachtais mholta. Ina theannta sin, tabharfar tuairisc sa Chlár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta ar an bpróiseas lena ndéanfar an Plean Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta, dá dtagraítear in Airteagal 6, lena gcomhlánófar an Clár, a fhorbairt, a ghlacadh, a thabhairt cothrom le dáta agus a chur chun feidhme.

Leagtar amach le hAirteagal 6 maidir leis an bPlean Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta go ndéanfaidh Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara ábhartha, Plean Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta a fhorbairt, a ghlacadh, a fhoilsiú, agus a thabhairt cothrom le dáta uair sa bhliain, ar a laghad, dá éis sin. Arna bhunú ar mheasúnú ar fhaisnéis ábhartha sábháilteachta, déanfar sa Phlean Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta na príomhrioscaí sábháilteachta atá ar chóras sábháilteachta eitlíochta na hEorpa a shainaithint, agus na gníomhartha is gá chun na rioscaí sin a mhaolú a leagan amach. Rinneadh mionchoigeartú leanúnach ar an bpróiseas chun an Plean Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta a fhorbairt agus a ghlacadh chun na ceachtanna a foghlaimíodh tar éis na chéad timthriallta chur chun feidhme a chur san áireamh. Gné ríthábhachtach den chóras bainistíochta sábháilteachta ar leibhéal an Aontais Eorpaigh atá ann. I gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2018/1139, tugtar tuairisc sa Chlár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta ar an bpróiseas lena ndéanfar an Plean Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta a fhorbairt, a ghlacadh, a thabhairt cothrom le dáta agus a chur chun feidhme.

Anuas ar na hathruithe ar an gcreat dlíthiúil, tháinig éabhlóid ar an mbainistíocht sábháilteachta i réimsí eile; sampla amháin is ea an éabhlóid ar na gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh i gcomhthéacs imscrúduithe ar an gcaighdeánú, go háirithe a mhéid a bhaineann le héabhlóid inniúlachtaí i bhfearainn thraidisiúnta amhail bainistíocht aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta (BAT/SAL), nó réimsí nua a tugadh isteach de bhua Rialachán (AE) 2018/1139 amhail an eitlíocht gan foireann, an comhshaol, seirbhísí láimhseála ar an talamh, agus an comhéadan idir sábháilteacht agus slándáil na heitlíochta, le béim ar leith ar an gcibearshlándáil.

Le bheith éifeachtúil i gcónaí maidir le timpistí a chosc agus rioscaí a mhaolú, ní mór don bhainistíocht sábháilteachta dul in oiriúint ar bhonn leanúnach d'athruithe sa chóras eitlíochta,

forbairtí teicneolaíocha, samhlacha nua gnó agus teacht chun cinn guaiseacha sábháilteachta nua. Ní mór, dá bhrí sin, an doiciméad ‘An Clár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta’ a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta chun na hathruithe sin a léiriú. Foráiltear le hAirteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2018/1139 go ndéanfar an doiciméad a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá.

Tá an tríú heagrán den doiciméad ‘An Clár Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta’ le fáil san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Tuarascáil seo, agus léirítear ann na hathruithe a luaitear thuas agus tugtar tuairisc ann ar an gcaoi a mbainistítear an tsábháilteacht eitlíochta faoi láthair san Aontas Eorpach agus ina Bhallstáit.